Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

# TAIBHEOIRÍ SRÁIDE

# FO-DHLÍTHE 2016

## Teideal Fada:

Déanann an tArdmhéara agus Baill Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (dá ngairtear "An Chomhairle" anseo feasta), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le hAlt 199 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, na Fo-Dhlíthe a leanas i leith Rialú Thaibheoirí Sráide i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**Réamhráiteach:**

| | |
|---|---|
| **Gearrtheideal:** | Fo-Dhlíthe Thaibheoirí Sráide 2016 is teideal do na Fo-Dhlíthe seo |
| **Limistéar Feidhme:** | Tá feidhm ag na Fo-Dhlíthe seo i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. |
| **Dáta Tosaithe:** | Tiocfaidh na fodhlíthe seo in éifeacht an 1ú Lúnasa 2016. |

## Sainmhínithe

Sna Fo-Dhlíthe seo beidh leis na focail agus leis na frásaí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh is é sin le rá:-

| | |
|---|---|
| **An tAcht:** | Ciallaíonn an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 |
| **An Chomhairle:** | Ciallaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| **Aimpliú:** | Ciallaíonn úsáid a bhaint as gléas leictreonach le hairde ghléas ceoil a mhéadú. |
| **Duine Údaraithe:** | Ciallaíonn duine atá údaraithe i scríbhinn ón gComhairle de bhun nó chun críche Ailt 204 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 nó comhalta den Gharda Síochána. |
| **Fuaimrian taca:** | Taifead fuaime aimplithe a sheinneann nó a chanann taibheoirí in éineacht leis. |
| **Gníomh Ciorcail:** | Ciallaíonn taibheoirí sráide a bhfuil taibhiú nó mír acu ar gá do lucht féachana stopadh, féachaint air agus/ nó páirt a ghlacadh ann. Féadann taibhithe gnéithe de dhrámaíocht sráide, phuipéadóireacht, dhamhsa, ghreann, láimhsiú tine, lámhchleasaíocht agus ghlacaíocht a bheith mar chuid den taibhiú agus úsáid a bhaint as airíonna contúirteacha mar chuid den ghníomh . |
| **Taispeántas Damhsa:** | Grúpa damhsóirí a oibríonn le chéile chun damhsaí a léiriú mar thaispeántas nó siamsa. |
| **Airíonna Contúirteacha:** | Ciallaíonn substaintí atá inlasta, tocsaineach nó guaiseach agus nithe lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do ghiuirléidí géara nó leithéidí claimhte, sceana agus tuanna a chuireann daoine i mbaol/ atá in ann mórdhíobháil choirp a dhéanamh do dhuine. |
| **Gníomhaíochtaí a bhfuil cosc orthu:** | Aon ghníomhaíocht/chleachtas ina dhéantar seirbhís nó táirge a thairscint do bhaill den phobal ar mhalartú íocaíochta, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh) péinteáil aghaidhe, péinteáil scigphictiúirí, trilseánú gruaige, tatúnna sealadacha (lena n-áirítear tatúnna henna), fáistineacht, déanamh seoda, pictiúir réamhdhéanta, íomhánna fótagrafach nó clóite, cluichí seans, nó aon ghníomhaíocht/chleachtas ina n-iarrtar ar bhall den phobal páirt a ghlacadh ann. |

| | |
|---|---|
| **Taibhiú:** | Dul i mbun taibhithe nó léirithe in áit phoiblí le hionchas réasúnta nó deis deonacháin a fháil, lena n-áirítear seinm ghléasanna ceoil, canadh, damhsa, aisteoireacht, geamaireacht, puipeadóireacht, lámhchleasaíocht, cleasanna draíochta, scileanna sorcais, deilbhe daonna, múnlú balúin, drámaíocht sráide, ealaín chosáin, dealbhóireacht ghainimh, múnlú, snoí nó aon chineál léiriú nó taispeántais eile nár luadh ach a bhfuil cosúil leo seo. Forléireofar na focail Taibhiú agus Taibhigh dá réir agus ní áireoidh siad na Gníomhaíochtaí a bhfuil cosc orthu. |
| **Cead Taibhithe:** | Cead Thaibhiú Sráide nó Cead Thaibhiú do Chuairteoirí arna eisiúint ag an gComhairle de réir na bhFodhlíthe seo. |
| **Sealbhóir Cheada:** | Duine a bhfuil Cead Taibhithe aige arna eisiúint de bhun na bhFodhlíthe seo. |
| **Cead Aimpliú a úsáid:** | Cead aimpliú a úsáid arna eisiúint chuig Sealbhóir an Cheada de bhun na bhFodhlíthe seo agus, ar mhaithe le soiléireacht, go mbaineann an cead seo le húsáid ghléis aimplithe amháin. |
| **Áit Choiscthe:** | **(a)** Aon áit lasmuigh d'Ard-Oifig an Phoist mar a aibhsítear ar léarscáil treoir **SM-2015-0085**.<br>**(b)** aon áit sa tsráid ar a dtugtar Barra an Teampaill idir an acomhal ag Sráid Anglesea/ Rae Bedford agus an t-acomhal ag Lána Temple Theas<br>**(c)** aon áit i gCearnóg Bharra an Teampaill agus na codanna de Scabhat na Corónach agus de Shráid Fownes Íochtarach atá taobh léi<br>**(d)** aon áit ar Rae Bedford idir an acomhal ag Sráid Fleet/Sráid Anglesea agus an t-acomhal ag Cé Crampton<br>**(e)** aon áit ar Rae Asdill idir acomhal Bharra an Teampaill agus an t-acomhal ag Rae Crampton<br>**(f)** aon áit ar Shráid Essex Thoir idir an acomhal ag Lána Temple Theas agus an t-acomhal ag Sráid Eustace<br>Aibhsítear na háiteanna coiscthe i mBarra an Teampaill le dath dearg ar léarscáil treoir **SM-2016-0347-01.** |
| **Áit Phoiblí:** | Ciallaíonn aon sráid, bhóthar, chosán, spás oscailte, trá, pháirc phoiblí, spás glas agus láithreacha conláiste, ina measc Ciseach Chláir na Life agus áiteanna cosúil leis sin a bhfuil ceannasaíocht nó úinéireacht ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath orthu. |
| **Taibheoir Sráide:** | Ciallaíonn duine a dhéanann taibhiú in áit phoiblí. |
| **Cead Thaibhiú Sráide:** | Cead taibhiú in áit phoiblí arna eisiúint de bhun na bhFodhlíthe seo. |
| **Cead Thaibhiú Sráide do Chuairteoirí:** | Cead sealadach taibhiú in áit phoiblí arna eisiúint chuig cuairteoirí ar an gCathair agus arna eisiúint de bhun na bhFodhlíthe seo. |

**Ceadanna:**

**1.** Ní cheadaítear d'aon duine gan Chead Taibhithe arna eisiúint ag an gComhairle taibhiú in áit phoiblí.

**1.(a)** Ní cheadaítear d'aon duine taibhiú in áit phoiblí mura bhfuil Cead Aimpliú a úsáid agus Cead Taibhithe arna eisiúint ag an gComhairle acu

**1.(b)** Ní cheadaítear d'aon duine taibhiú in Áit Choiscthe is cuma an bhfuil nó nach bhfuil Cead Taibhithe arna eisiúint ag an gComhairle acu ACH AMHÁIN má fhoráiltear a mhalairt sna Fodhlíthe 1(c) agus 1(d).

**1.(c)** Ceadaítear do dhuine a bhfuil Cead Taibhithe arna eisiúint ag an gComhairle aige taibhiú san Áit Choiscthe lasmuigh d'Ard-Oifig an Phoist, atá aibhsithe le dath bán dearg faoin Treoiruimhir Léarscáile SM-2015-0085, idir a 7.00 i.n. agus a 11.00 i.n. ó Luan go Satharn san áireamh agus ó 11.00 r.n. go 11.00 i.n ar an Domhnach.

**1.(d)** Ceadaítear do dhuine a bhfuil Cead Taibhithe arna eisiúint ag an gComhairle aige taibhiú san Áit Choiscthe i gceantar Bharra an Teampaill, atá aibhsithe le dath bán dearg faoin Treoiruimhir Léarscáile SM-2016-0347-01, faoi réir na gcoinníollacha dochta a leanas:

- Ní cheadaítear úsáid a bhaint as gléas aimplithe in imthosca ar bith.
- Ní cheadaítear taibhiú ar bith sa cheantar atá aibhsithe le dath bán dearg agus atá haitseáilte le dath uaine faoi Threoiruimhir Léarscáile SM 2016-0347-01 lena n-áirítear Rae Asdill, Rae Bedford agus an chuid sin de Bharra an Teampaill atá idir acomhail na dhá sráide sin.

**2.** Chun Cead Taibhithe a fháil ón gComhairle, ní mór an fhoirm iarratais chuí a líonadh isteach, an fhoirm a sheoladh chuig an gComhairle, an táille a íoc agus cruthúnas céannachta agus seolta a sholáthar chomh maith le dhá ghrianghraf a tógadh den iarratasóir le déanaí.

**2. (a)** Beidh an Cead Thaibhiú Sráide arna deonú ag an gComhairle bailí ar feadh bliain amháin ó dháta na heisiúna **ACH** beidh sé faoi réir thréimhse phromhaidh 6 seachtaine. I rith na tréimhse seo, féadfaidh an Cead a chúlghairm má dhéantar aon sárú ar na Fodhlíthe seo.

**2. (b)** Cosnaíonn an Cead Thaibhiú Sráide €30 sa bhliain.

**3.** Beidh an Cead Thaibhiú Sráide do Chuairteoirí arna deonú ag an gComhairle bailí ar feadh 2 seachtaine ó dháta na heisiúna. Ní féidir an Cead seo a athnuachan ach uair amháin sa bhliain féilire.

**3.(a)** Cosnaíonn an Cead Thaibhiú Sráide do Chuairteoirí €10.

**4.** Beidh cead breise ag teastáil ó Thaibheoirí Sráide más mian leo aimpliú a úsáid.

**4. (a)** Cosnaíonn Cead Aimpliú a Úsáid €60 ar dhuine atá i seilbh Cheada Thaibhiú Sráide.

**4.(b)** Cosnaíonn Cead Aimpliú a Úsáid €20 ar dhuine atá i seilbh Cheada Thaibhiú Sráide do Chuairteoirí ar feadh fhada an Cheada Thaibhiú Sráide do Chuairteoirí.

**5.** Beidh grianghraf de Shealbhóir an Cheada arna deonú de bhun na bhFodhlíthe seo ar gach cead a dheontar agus is gá go mbeidh sé ar taispeáint agus soiléir infheicthe i gcónaí i rith thaibhithe in áit phoiblí. Is é an taibheoir atá ainmnithe ar an gcead, agus an taibheoir sin amháin, a úsáidfidh an cead. Ní féidir le haon duine eile an cead a úsáid agus níl an cead inaistrithe go dtí aon duine eile.

**5. (a)** Ní mór do gach aon bhall den ghrúpa atá ag dul i mbun taibhithe in áit phoiblí Cead Taibhithe a bheith aige nó aici.

**5.(b)** Ní mór do gach aon taibheoir atá ag úsáid Aimpliú le grúpa a Chead Aimpliú a Úsáid féin a bheith aige nó aici.

## Amanna Taibhithe:

**6.** Ní thaibhreoidh Taibheoir Sráide in áit phoiblí tar éis a 11 i.n. nó roimh a 9 r.n. lá ar bith ACH AMHÁIN ar shráideanna do choisithe amháin a bhfuil bealach isteach ag feithiclí seachadta orthu agus nach ceadaítear d'aon duine taibhiú nó taibhiú a shocrú suas roimh 11 r.n.

**7**. Ní cheadaítear do Thaibheoir Sráide taibhiú i suíomh ar leith tréimhse níos faide ná **DHÁ** uair ACH AMHÁIN sna suíomhanna a shonraítear i bhFodhlí 7(a) I ndiaidh na tréimhse seo caithfidh sé nó sí bogadh go dtí suíomh eile nach bhfuil faoi 100 méadar den suíomh ina raibh sé nó sí roimhe sin agus ní cheadaítear dó nó di filleadh **faoi 100 méadar d'aon suíomh a glacadh roimhe** sin go dtí an lá dár gcionn.

**7.(a)** Ceadaítear do Thaibheoir Sráide taibhiú ar Shráid Grafton ar feadh uair **AMHÁIN** ar a mhéad, mar a léirítear le dath bán dearg faoi Threoiruimhir Léarscáile SM-2016-0310. I ndiaidh na tréimhse seo caithfidh sé nó sí bogadh go dtí suíomh eile nach bhfuil faoi 100 méadar den suíomh ina raibh sé nó sí roimhe sin agus ní cheadaítear dó nó di filleadh **faoi 100 méadar d'aon suíomh a glacadh roimhe** sin go dtí an lá dár gcionn..

**7.(b)** Áiríonn na tréimhsí taibhithe uasta atá leagtha amach i bhFodhlíthe 7 agus 7(a) aon am a chaitear ag socrú suas roimh thaibhiú agus pacáil suas ina dhiaidh.

**8.** Ní mór do gach taibhiú tosnú agus críochnú ar bhuille na huaire.

**9.** Ní cheadaítear do Thaibheoir Sráide suíomh/áit a chur "in áirithe" agus an suíomh/áit sin a ghlacadh roimh dul i mbun taibhithe ann, rud a chuirfeadh bac ar Thaibheoir Sráide eile é a úsáid.

## Srianta Ar Leith - Sráid Grafton:

10. Ní cheadaítear do Thaispeántais Dhamhsa, Taispeántais Chiorcail agus grúpaí de 5 bhall nó níos mó taibhiú am ar bith ar Shráid Grafton idir acomhal Shráid Nassau/Shráid Suffolk agus acomhal Shráid an Rí Theas/Fhaiche Stiabhna mar a léirítear le dath bán dearg faoi Threoiruimhir Léarscáile SM-2016-0310.

10.(a) Is do Thaispeántais Dhamhsa, do Thaispeántais Chiorcail agus do bhannaí ceoil móra amháin a bheidh an suíomh atá ag acomhal Shráid an Rí Theas/Fhaiche Stiabhna idir 11.00 r.n. agus 7.00 i.n.

## Gléasanna /Fearas /Maoin:

**11.** Is é an Taibheoir Sráide a dhéanann taibhiú in áit phoiblí atá freagrach as a (h)uirlisí, f(h)earas agus f(h)rapaí agus ní fhágfaidh sé/ sí iad gan duine ina bhfeighil in áit phoiblí agus déanfaidh sé/ sí iad a bhaint ón áit phoiblí ag deireadh a t(h)aibhithe.

**12.** I rith taibhithe, ní sháróidh an fhuaim a dhéantar i ngarchomharsanacht Thaibheoir Sráide nó Thaibheoirí Sráide 80 deicibeil, ACH AMHÁIN i mBarra an Teampaill, a aibhsítear faoi threoir léarscáile SM-2016-0347-02, áit nach sáróidh an fhuaim a dhéantar i ngarchomharsanacht Thaibheoir Sráide nó Thaibheoirí Sráide i rith taibhithe 75 deicibeil. Tá an fodhlí seo gan dochar do na forálacha speisialta a chuireann cosc ar aimpliú agus taibhiú agus a bhfuil feidhm acu maidir leis na hÁiteanna Coiscthe i gCeantar Bharra an Teampaill a leagtar amach i bhfodhlí 1(d) a bheidh tosaíocht aige ar fhodhlí 12.

**13**. Ní cheadaítear traiceanna tionlacain a úsáid in imthosca ar bith.

**14.** Ní mór do Thaibheoir Sráide, do Thaispeántas Ciorcail nó do Thaispeántas Damhsa nó do ghrúpa a bhaineann úsáid as airíonna a d'fhéadfadh a bheith contúirteach i dtaibhiú in áit phoiblí bheith i seilbh árachas dliteanais ar luach €6.4 milliún agus is gá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a shlánú.

**15.** Ní cheanglóidh Taibheoir Sráide le nasc leictreach nó ní chothóidh sé/ sí nasc leis, trí théad nó trí shreang a cheangal le foirgneamh cóngarach nó le haon foinse sheachtrach cumhachta phríomhlíonra.

**16.** Ní cheadaítear gineadóirí peitril nó díosail a úsáid.

**Táillí/Síntiúis:**

**17.** Ní ghearrfaidh Taibheoir Sráide táille ar bhaill an phobail le haghaidh thaibhiú in áit phoiblí. Féadann baill an phobail áfach airgead a fhágáil nó a thabhairt don Taibheoir Sráide.

**18.** Ní bhainfidh Taibheoir Sráide úsáid as aon mhodh le deonacháin a iarraidh ar an bpobal seachas bosca le haghaidh deonachán.

Gan dochar do ghinearáltacht an fhodhlí seo áireofar i measc na mbeart: bealach duine a bhlocáil nó a chosc, siúl taobh thiar de, os comhair nó taobh le duine agus deonachán a iarraidh mar chuspóir nó imeagla, iallach nó bagairt a chur ar dhuine, trí fhocal nó chomhartha le go dtabharfaidh siad deonachán.

**Baic:**

**19.** Ní chuirfidh Taibheoir Sráide bac ar an bpobal dul isteach nó amach as aon áitreabh.

**20.** Stopfaidh Taibheoir Sráide dá thaibhiú láithreach má tá an slua a mealladh ag blocáil sráide.

**21.** Ní dhéanfaidh Taibheoir taibhiú i ngaireacht 50 méadar do thabheoir eile.

**22.** Ní dhéanfaidh Taibheoir Sráide taibhiú i ngaireacht 3 mhéadar d'fhorimeall bhealach isteach aon ghnó nó áitreabh ina dteannta, ach gan a bheith teoranta do: dhorais, hallaí, chabhsáin, láithreacha ithe faoin aer, bhealaí isteach, agus bhealaí éalaithe, i rith na huaireanta a mbíonn an gnó ar an láthair sin ar fáil don phobal nó do dhaoine a bhfuil gnó acu ann nó atá i mbun ghnó ar an láthair sin.

**22.(a)** Ní dhéanfaidh Taibheoir Sráide taibhiú i ngaireacht 3 mhéadar d'fhorimeall aon áit chónaithe am ar bith.

**23.** Ní rachaidh Taibheoir Sráide agus a chuid uirlisí, fearais, ná frapaí sa bhealach air, ná ní chuirfidh sé isteach air, saorghluaiseacht sábháilte coisithe.

**Iompar**:

**24.** Ní mór do Thaibheoir Sráide é féin/í féin a iompar ar bhealach sábháilte, proifisiúnta agus oibriú i gcomhar le taibheoirí sráidí eile, baill den phobal, daoine atá údaraithe ag an gComhairle agus An Garda Síochána.

**25.** Ní cheadaítear do Thaibheoir Sráide gáirsiúlacht nó caint mhaslach nó chiníoch (lena n-áirítear focail amhráin) a úsáid mar pháirt dá t(h)aibhiú.

**26.** Ní mór do stór amhráin agus ceoil sách mór a bheith ag taibheoir chun gur féidir leis/léi seinm gan athsheinm ar feadh tréimhse 30 nóiméad ar a laghad.

**Sláinte agus Sábháilteacht:**

**27.** Ní mór do Thaibheoir Sráide a chinntiú i gcónaí nach gcuireann aon ghné dá t(h)aibhiú sábháilteacht aon bhall den phobal i mbaol.

**28.** Ní mór do Thaibheoir Sráide an suíomh a úsáideann sé/sí a choinneáil glan le linn an taibhithe agus a chinntiú go bhfágtar é sa bhail chéanna inar aimsíodh é ag deireadh an taibhsithe.

**Forálacha Éagsúla:**

**29**. Féadfaidh an Chomhairle taibhithe a chosc in áit phoiblí ar leith ar bhonn sealadach le hOrdú Feidhmiúcháin ar mhaithe le tógáil, forbairt, cothabháil nó deisiú in áit phoiblí nó cuid de nó obair infreastruchtúir eile air nó obair mar sin ar réadmhaoin phríobháideach tadhlach a éascú nó ar chúiseanna oibriúcháin eile.

**30**. Chun críocha na bhFodhlíthe seo, is faoi rogha na Comhairle amháin a mheas cad is Taibhiú Sráide ann, agus is measúnú críochnaitheach an measúnú sin.

**Díolúintí:**

**31.** Níl feidhm ag na Fo-Dhlíthe seo ar ghníomhaíochtaí a tharlaíonn in áit phoiblí atá eagraithe ag an gComhairle nó ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil toiliú na Comhairle faighte acu cheana i bhfoirm cheadú imeachta nó a bhfuil Ceadúnas Imeachta Poiblí faighte acu faoi Chuid XVI den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

**32.** Níl feidhm ag na Fodhlíthe seo ar ghníomhaíochtaí a fuair cead ón nGarda Síochána maidir le bailiú airgid in áit phoiblí faoin Acht Carthanas 2009.

**33.** Féadfaidh an Chomhairle díolúintí ó na Fodhlíthe seo a dheonú ar bhonn gach cáis ar leithligh do ghrúpaí nó do dhaoine aonair i gcásanna gurb ionann an ghníomhaíocht agus taibhiú, mar a shainmhínítear sna Fodhlíthe an téarma sin, ach gurb é bailiú síntiús cuspóir na gníomhaíochta.

**Fógra maidir le hÍocaíocht Shocraithe:**

**34.** Nuair a sháraítear Fodhlí, féadfaidh duine údaraithe nó ball den Gharda Síochána Fógra Íocaíochta Socraithe a sheirbheáil maidir leis an sárú sin. Sonróidh an fógra ainm agus seoladh an chiontóra líomhnaithe agus i dtéarmaí ginearálta an cineál sárú a líomhnaítear go ndearnadh; agus láthair agus dáta an tsáraithe líomhnaithe. Luafar san fhógra má íoctar an íocaíocht shocraithe €75 leis an gComhairle laistigh de thréimhse 28 lá nach dtionscnófar imeachtaí dlíthiúla i gcoinne an duine i leith an tsáraithe líomhnaithe. San Fhógra beidh ráiteas á rá go bhfuil an ciontóir líomhnaithe i dteideal neamhaird a dhéanamh den Fhógra agus ionchúiseamh an tsáraithe líomhnaithe a chosaint sa Chúirt.

**Cúlghairmeacha agus Diúltaithe:**

**35.** Féadfaidh aon chead arna eisiúint ag an gComhairle a chúlghairm i gcásanna ina sháraíonn sealbhóir an cheada na Fodhlíthe nó go ndéantar faillí na dlíthe sin a chomhlíonadh trí huaire nó níos mó, cibé ar rinneadh nó nach ndearnadh an sárú a ionchúiseamh; ar choinníoll áfach go dtugann an Chomhairle fógra i scríbhinn don sealbhóir i leith gach sárú líomhnaithe agus go dtugtar deis don sealbhóir freagra a thabhairt sula ndéantar an cead a chúlghairm.

**36.** Forchoimeádann an Chomhairle, dá rogha, an ceart diúltú do chead a dheonú.

**37.** Gan dochar do na forálacha roimhe seo, féadfaidh an Chomhairle eisiúint cheada a dhiúltú i gcúinsí ina ndearna an t-iarratasóir ar chead faillí na Fodhlíthe a chomhlíonadh, cibé ar rinneadh nó nach ndearnadh an sárú a ionchúiseamh; ar choinníoll áfach go dtugann an Chomhairle fógra i scríbhinn don sealbhóir i leith gach sárú líomhnaithe agus go dtugtar deis don sealbhóir freagra a thabhairt sula ndéantar cinneadh deonú ceada a dhiúltú sna cúinsí sin.

**Cionta:**

**38.** Aon duine a sháróidh aon cheann de na Fodhlíthe seo beidh sé ciontach i gcion agus, ar a chiontú go hachomair, dlífear fíneáil nach mó ná €1500 a chur air.

**39.** Aon duine a chuireann cosc nó bac ar nó a dhiúltaíonn iarratas an duine údaraithe ag gníomhú dóibh i bhfeidhmeanna arna dtabhairt don duine údaraithe ag an Acht nó ball den Gharda Síochána beidh sé ciontach i gcion agus, ar a chiontú go hachomair, dlífear fíneáil nach mó ná €1500 a chur air.

**40**. Má bhíonn duine údaraithe nó Garda Síochána den tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta ag duine faoi cheachtar den dá fhodhlí roimhe seo féadann an duine údaraithe nó an Garda Síochána ainm agus seoladh an duine sin a éileamh agus má dhiúltaítear an t-iarratas sin nó má thugann an duine ainm agus seoladh atá bréagach nó míthreorach, beidh an duine sin ciontach i gcion agus, ar a chiontú go hachomair, dlífear fíneáil nach mó ná €1500 a chur air.

**41.** De bhun Ailt 204 (3) (d) den Acht má bhíonn Garda Síochána den tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta ag duine faoi cheachtar den trí fhodhlí roimhe seo, féadann an Garda an duine a ghabháil gan bharántas.

**Achomhairc:**

**42.** Nuair a chinneann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath deonú ceada a dhiúltú nó cead atá ann cheana a chúlghairm, féadfaidh an Taibheoir Sráide a bhaineann sé seo leis nó léi achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh os comhair an Oifigigh Riaracháin atá i gceannas ar Rannóg Cheadúnú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. I gcás míshástachta fós i ndiaidh an achomhairc seo féadfaidh sé/sí achomhairc a dhéanamh le hOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach sa Roinn Cultúir, Áineasa, Conláistí, agus Comhphobail. Ní ghlacfar le haon achomharc i ndiaidh seo.

**43.** Is féidir le haon duine ar ar seirbheáladh Fógra Íocaíochta Socraithe de bhun na bhFodhlíthe seo achomharc a dhéanamh in aghaidh an fhógra sin a sheirbheáil os comhair an Oifigigh Riaracháin atá i gceannas ar Rannóg Cheadúnú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath laistigh de 21 lá ón bhFógra a fháil. Déanfar cinneadh ar an achomharc a chur in iúl laistigh de 21 lá ó fháil an achomhairc. Más ionann cinneadh an achomhairc an Fógra Íocaíochta Socraithe a dhaingniú, tabharfaidh an Chomhairle 28 lá breise don Taibheoir le haghaidh íocaíochta. Ní ghlacfar le haon achomharc eile.

**I LÁTHAIR TRÁTH GUR GREAMAÍODH SÉALA CORPRAITHE CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH leis seo:**

**I LÁTHAIR:-**

____________________________________

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

____________________________________

**Oifigeach Comhairle Cathrach**
**Oifigí na Cathrach**

**Arna dhátú an lá , 2016**

**Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,**
**Oifigí na Cathrach,**
**Cé an Adhmaid,**
**Baile Átha Cliath 8**